

Gaelscoil na Fuinseoige
Nuachtlitir
Samhain, 2018

FÁILTE

A Chairde,

Tá súil agam go bhfuil sibh go léir go maith agus go raibh briseadh deas agaibh ar fad. Má tá ceist ar bith agat riamh, ní gá ach dul I dteagmháil liom aon uair.

I hope this newsletter finds you all well and that everyone has enjoyed the midterm break. If you have any questions or queries, please do not hesitate to contact me at any stage.

Le gach dea-mhéin,

Aisling

TAIBLÉIDÍ/TABLETS

Cheannaíomar 10 tháibléid don scoil i mbliana. Beidh gach rang á n-úsáid i rith na bliana ag cur le foghlaim na bpáistí sna hábhair éagsúla. Déanfaimid seachtain códú i rith na bliana mar a rinneamar anuraidh freisin. Is acmhainní iontacha iad seo don scoil agus cuirfidh siad go mór le hoideachas na bpáistí.

We have purchased 10 tablets for the children's use in the school. Every class will be using the tablets at various times during the year to enhance their learning in various subjects. We will also be organising a Week of Code towards the end of the year as we did last year.

SEACHTAIN EOLAÍOCHTA/SCIENCE WEEK

Beidh imeachtaí speisialta ar siúl againn i Mí na Samhna chun an tSeachtain Eolaíochta a cheiliúradh. Beimid ag foghlaim faoi "Ábhair" agus ag déanamh turgnaimh éagsúla i rith na seachtaine. Coinnígí súil ar ár gcuntas Twitter chun roinnt grianghraif a fheiceáil.

We will be celebrating Science Week Ireland this month in Gaelscoil na Fuinseoige. We will be learning about "Materials" and having fun with experiments and activities during the week. Keep an eye on the school's Twitter feed for photos of some of our activities! @gsnafuinseoige.

TRÁTH NA GCEIST/TABLE QUIZ

Míle buíochas libh ar fad a thug tacaíocht don Tráth na gCeist scoile. Sár oíche a bhí ann a bhailigh €1750 don scoil. Buíochas ollmhór don Choiste Cairde a d'eagraigh an oíche. Cuireann bhur dtacaíocht go mór leis an scoil.

Our first fundraising event of the year was a huge success raising over €1750 for the school. Aside from the large amount raised it was a thoroughly enjoyable event. Huge credit and thanks are due to the Coiste Cairde who organised the night and are always extremely supportive of the school.

BRÉAGÁIN/Toys

Iarraimid oraibh a chinntiú nach dtógann na páistí aon bhréagáin isteach ar scoil. Níl féidir linn a bheith freagrach astu má caillteair nó ma bhristear iad.

We ask that you please ensure that the children don't bring in any toys to school from home for obvious reasons. We cannot be responsible for any toys that are lost or broken. Thanks for your co-operation with this.

AINMNEACHA / *Names*

Cinntígí, le bhúr dtoil, go bhfuil ainm curtha ar gach píosa éadaí agus boscaí lóin srl. do pháiste. Tagaimid ar gheansaí gan ainm gach lá!

Please ensure that all your child's clothes and belongings are clearly labelled. Some children are still missing jumpers and we still come across jumpers without names.

BRAT GLAS/*GREEN FLAG*

Mar is eol daoibh, táimid ag glacadh páirte sa Bhrat Glas i mbliana agus beidh súil á choinneáil ar chúrsaí bruscair agus athchúrsála. Mar chuid de sin, i ndiaidh an mheán téarma, beidh ar na páistí an bruscar óna lóin a thabhairt abhaile sa bhosca lóin leo gach lá. Cabhróidh sé seo libh mar beidh a fhios agaibh cé mhéid lóin go díreach atá á ithe ag do pháiste!

As you are aware we are participating in the Green Flag this year and we will be looking at the theme of "Litter and Waste" in the school. As part of this initiative, children will have to bring home their own rubbish from their lunches. We will start this after the mid-term break. This will not only help cut down on our waste, but will also show you how much lunch your child is actually eating!

CRUINNITHE TUISMITHEOIRÍ/MÚINTEOIRÍ

PARENT/TEACHER MEETINGS

Beidh na cruinnithe Tuistí/Múinteoirí ar siúl do Naíonáin Shinsearacha agus Rang a 1 sa seachtain 26ú-30ú Samhain. Cuirfear nóta abhaile faoi níos giorra don am. Beidh an cruinnithe ann do Naíonáin Shóisearacha i Mí Feabhra.

Parent Teacher meetings for Senior Infants and First Class will be held during the week 26th-30th November. We will send out a note closer to the date. Junior Infant meetings are held in February.

RANGANNA GAEILGE DO THUISMIHTEOIRÍ

IRISH CLASSES FOR PARENTS

Beidh Ranganna Gaeilge ann do thuismitheoirí ag tosú ar an Déardaoin, 15ú Samhain ó 8-9in ar feadh 5 sheachtain. Beidh múinteoir darbh ainm Bernie ina mbun. Má tá áit uait sna ranganna, seol ríomhphost ag Clodagh agus is féidir an t-airgead a íoc ar an oíche.

Irish Classes for parents will be held in the school for 5 weeks starting Thursday, 15th November from 8-9pm. Múinteoir Bernie will be teaching the classes. Classes cost €40 and can be paid for on the first night. Please email Clodagh at oifig@gsnafuinseoige.ie to secure your place.

PÁIRCEÁIL/*PARKING*

Tuigimid go bhfuil deacrachtaí ann áiteanna páirceála a fháil timpeall na scoile. Iarrfaimid oraibh, áfach, gan páirceáil ar na línte buí lasmuigh den scoil nó ar ghruaimhín féir. Tá roinnt mhaith gearánta faighte againn ó mhuintir na háite faoin bpáirceáil agus iarraimid oraibh co-oibriú linn anseo.

We understand that it is difficult to find parking around the school. However, we have received a number of complaints from local residents about people parking on the double-yellow lines outside the school and on grass verges. We ask for your co-operation with this matter and to please be mindful of the residents when parking. Please speak to whomever collects your child from school about this matter.

ALTRAÍ HSE/*HSE NURSES*

Beidh an HSE ag teacht chun na scoile ar an 18ú agus 19ú Nollaig chun scrúdú radharc agus éisteachta a dhéanamh ar na páistí i Ranganna Jessica, Niall agus Eimear.

The HSE will also be coming to the school on 18th and 19th December for the children's vision and hearing tests in Rang Niall, Jessica and Eimear.

FÉIN MHEASTÓIREACHT SCOILE

School Self-Evaluation

Mar chuid den Fhéin Mheastóireacht Scoile sheolamar ceistneoir abhaile ag lorg tuairimí. Míle buíochas libh ar fad as na rudaí an-deas a dúirt sibh faoin obair atá ar siúl sa scoil. Bhí cúpla moladh ann freisin agus táimid chun iad a phléigh mar fhoireann. Don mhí seo beidh na Naíonáin Shóisearacha ag léamh "Na Trí Mhuca Beaga" agus beidh Rang Katy agus Rang Aisling/Caitríona ag déanamh "Cinnín Óir".

As part of the School Self Evaluation process we sent home questionnaires with the children. Thank-you all for the very kind things you wrote about the school!

There were some recommendations also and we will be addressing those at our next staff meeting. This month Naíonáin Shóisearacha will be working on "The 3 Little Pigs" and Rang Katy and Rang Aisling /Caitríona will be working on "Goldilocks and the Three Bears".

ÁISEANNA DON GHAEILGE/RESOURCES IN IRISH

Following from some requests in the questionnaires we have compiled a list of websites that might be useful to those of you who wish to improve your Gaeilge or want to expose your children to Gaeilge online.

http://irishforparents.ie/resources-for-parents/

http://www.rewardinglearning.com/dreimire

http://www.teachnet.ie/clane/2008

http://www.tearma.ie

http://www.ranganna.com

https://cnag.ie/ga/

http://www.schooldays.ie/articles/irish-apps-for-kids

http://www.leighleat.com/

http://www.abair.tcd.ie

http://www.isfeidirliom.ie

TIONSCNAMH SHORELINE
Music/ Drama Project

Mar is eol daoibh tá Rang a 1 ag tabhairt faoi thionscnamh ceoil agus damhsa i dtaca le "Coiscéim" agus an Lexicon. Tá siad ag cleachtadh gach Máirt sa scoil agus beidh taispeántais ar siúl sa lexicon i nDún Laoghaire ar an Satharn,24ú Samhain ag 2in,3in agus 4in. Ba bhreá linn dá dtiocfadh pobal na scoile chuige seo chun tacaíocht a thabhairt do na páistí.

As you are aware, Rang a 1 are participating in a fantastic intergenerational music and drama project in conjunction with Coiscéim Dance Theatre and the Lexicon Library. They are busy practising every Tuesday in school in preparation for their shows on the 24th November at 2pm, 3pm and 4pm. We would love if the school community came to support the children in their shows.

SEÓ NA NOLLAG SCOILE
School Christmas Show

Tá áthas orainn a fhógairt go mbeidh Seó Nollag againn arís i mbliana. Beidh sé ar siúl ar an Déardaoin, 20ú Nollag ag 12 meán lae i halla na scoile. Beidh an scoil ar fad sa seó céanna. Cuirigí an dáta sa dialann!

We are delighted to say that we will be having another Christmas Concert/Show this year. It will be held on Thursday, 20th December at 12 noon in the school hall. Children can go home afterwards of parents wish to take them. The whole school will be in the concert. Pleas put the date in your diary!

LEABHARLANN SCOILE
SCHOOL LIBRARY

Anuraidh, a bhuíochas le flaithiúlacht agus tacaíocht na dtuismitheoirí, d'éirigh linn stórais mhór fearas Aistir a cheannach don scoil. Tá Aistear ar siúl i ngach rang Naíonán anois agus baineann na páistí an-tairbhe as.
I mbliana, ba mhaith linn leabharlann scoile a bhunú. Tá leabharlann ranga i ngach seomra ranga le neart leabhair iontu. Tá cúinne ciúin, compordach ann le cúisíní agus ruga i ngach seomra áit a théann páistí le léamh.
Ach, ba mhaith linn leabharlann foirmeálta scoile a bhunú freisin. Tá seomra saor thuas staighre againn agus tá bhur dtacaíocht uainn le bhur dtoil chun é seo a dhéanamh. Cosnóidh an troscán thart ar €3500 agus beidh costas €3000 ann chun leabhair a cheannach. Rachaidh aon airgead a bhailítear i rith na bliana chuige seo. Iarrfaimid oraibh tacaíocht a thabhairt do na himeachtaí atá á reáchtáil ag an gCoiste Cairde i rith na bliana ionas go n-éireoidh linn é seo a chur i gcrích.

Last year, thanks to the generosity of parents, we gathered a large number of resources for Aistear. Aistear takes place every day in the Infant classes and the children are very lucky to have such a vast array of resources.
This year, we would like to set up a formal school library. Every classroom has it's own library with books, rugs and cushions in it but we'd also like to have a school library for the children. We have a spare room upstairs and we would like to set up the library in it. It will cost approximately €6500 to set this up and any monies raised this year will be put towards this.
We ask that you support any of the Coiste Cairde initiatives this year so that we can set this up.

LAETHANTA SAOIRE NA NOLLAG/*CHRISTMAS HOLIDAYS*

Dúnfaidh an scoil ag 12.00 meán lae ar an Aoine, 21ú Nollaig do laethanta saoire na Nollag. Osclóimid arís ar an Luan, 7ú Eanáir ag 8.30rn.

The school will close for the Christmas holidays at 12.00 noon on Friday, 21st December and will re-open on Monday, 7th January at 8.30am.

BRAT GNÍMH/Active Flag

Táimid ag súil leis an mBrat Gnímh a fháil i mbliana. Bíonn gníomhaíochtaí éagsúla breise ar siúl go rialta sa scoil agus beidh imeachtaí speisialta ar siúl sa chlós freisin i rith am lóin.

We hope to receive our Active School Flag this year. We have a lot of extra physical activities in school during the week and we are also shortly starting yard time activities.

CUMHDACH LEANAÍ/Child Protection

Tá Ráiteas Cumhdach Leanaí ar chrochadh timpeall na scoile. Is í Aisling Uí Fhéich an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus is í Katy Dobey an Lea-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe.

The school's Child Protection Statement is on display in every room in the school. Aisling Uí Fhéich is the Designated Liaison Person and Katy Dobey is the Deputy Designated Liaison Person.

TWITTER

Tá cuntas Twitter ag an scoil, @gsnfuinseoige. Iarrfaimid oraibh ar fad muid a leanúint, agus bhur gclann agus cairde a spreagadh chun muid a leanúint freisin. Bíonn an-chuid eolais faoi imeachtaí na scoile le feiceáil ann.

The school has a Twitter account and we ask that you please follow us and encourage other family members and friends to follow us also. There is a lot of information about the school on this account.